2023/2530

24.11.2023

CINNEADH (AE) 2023/2530 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 28 Meán Fómhair 2023

maidir le tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh gan cur i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta nó ag údaráis ainmnithe náisiúnta (BCE/2023/24)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh.1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagail 5(1) agus 6(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán SAM) (BCE/2014/17) ([2]), agus go háirithe Airteagal 101 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE) freagrach as feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an tSásra Aonair Maoirseachta agus cuireadh cúraimí micreastuamachta agus macrastuamachta araon de chúram air. Trí chúraimí macrastuamachta a bhronnadh, treisítear ról rannpháirteach BCE don chobhsaíocht airgeadais atá cumhdaithe cheana féin sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(2) Tá na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) agus na húdaráis ainmnithe náisiúnta (ÚANanna) freagrach as rátaí maolánacha a shocrú d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIanna) agus d'institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIInna).

(3) De bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, cuireann ÚINanna nó ÚANanna na mBallstát rannpháirteach, nuair is iomchuí nó nuair a mheastar gur gá, ceanglais i bhfeidhm maidir le maoláin chaipitil a bheidh i seilbh institiúidí creidmheasa ar an leibhéal ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar rioscaí sistéamacha nó macrastuamachta.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus le hAirteagal 104 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014, cuirfidh ÚINanna nó ÚANanna a rún in iúl do BCE go bhfuil sé ar intinn acu bearta macrastuamachta a chur i bhfeidhm deich lá oibre roimh chinneadh den sórt sin a dhéanamh (fógra maidir le 'bearta macrastuamachta beartaithe'). Ar an bhfógra a fháil, tarchuirfidh Rúnaí an Bhoird Maoirseachta na bearta macrastuamachta atá beartaithe chuig an gComhairle Rialaithe agus chuig an mBord Maoirseachta gan mhoill. Ar thogra arna ullmhú ag an mBord Maoirseachta bunaithe ar an tionscnamh atá beartaithe agus ionchur an choiste ábhartha agus struchtúr inmheánach BCE á chur san áireamh, cinneann an Chomhairle Rialaithe laistigh de thrí lá oibre cibé acu agóid a dhéanamh nó gan agóid a dhéanamh. I gcás ina ndéanann an Chomhairle Rialaithe agóid i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe, míníonn sí na cúiseanna atá aici i scríbhinn do ÚINanna nó do ÚANanna laistigh de chúig lá oibre ón bhfógra a thabhairt do BCE. Measann ÚINanna nó ÚANanna cúiseanna BCE sula dtéann siad ar aghaidh leis an gcinneadh críochnaitheach, de réir mar is iomchuí.

(5) Ceanglaítear ar BCE measúnú a dhéanamh ar líon suntasach beart macrastuamachta beartaithe arna gcur isteach ag ÚINanna nó ag ÚANanna, lena n-áirítear na bearta sin lena leagtar síos maoláin O-SII agus G-SII. Is minic nach mór na measúnuithe sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama an-daingean. Chun an próiseas cinnteoireachta a éascú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cinntí áirithe a tharmligean na cumhachta chun cinntí áirithe a ghlacadh laistigh de BCE. Go háirithe, ba cheart an chumhacht chun cinntí a ghlacadh gan cur i gcoinne beart macrastuamachta arna dtíolacadh ag ÚINanna nó ag ÚANanna a tharmligean chuig cinn aonaid oibre BCE. Is bainc nó institiúidí iad a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (global systemically important banks or institutions, G-SIBanna-G-SIIanna) a mheastar nach gceadaítear dóibh cliseadh mar gheall ar a méid, a n-idirnascacht, a gcastacht,

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.
([2]) IO L 141, 14.5.2014, lch. 1.

a easpa inionadaitheachta nó a raon feidhme domhanda. I bhfianaise na n-iarmhairtí trasdlínse a d'fhéadfadh a bheith ag fadhb in aon cheann de na G-SIBanna-G-SIInna ar institiúidí airgeadais eile in go leor tíortha agus ar an ngeilleagar domhanda i gcoitinne, ní fadhb ar leith é sin do ÚINanna ná do na ÚANanna, agus dá bhrí sin tá gá le comhchuibhiú ar an leibhéal domhanda a léirítear i gcomhaontú domhanda arna thabhairt i gcrích ag comhaltaí Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, a bhfoilsíonn an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais a thoradh. Tá an pobal domhanda ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna sin trí chur chuige ilghnéitheach.

(6) D'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur gá údarás a tharmligean chun go gcumasófar d'institiúid a gceanglaítear uirthi líon suntasach cinntí a ghlacadh a cuid dualgas a chomhlíonadh. Áirítear ar na cumhachtaí a thugtar d'institiúid an ceart chun líon áirithe de na cumhachtaí sin a tharmligean, i gcomhréir le forálacha CFAE, faoi réir aon choinníollacha a shonróidh an institiúid. Dá bhrí sin, féadfaidh institiúid de chuid an Aontais bearta de chineál eagraíochtúil a bhunú, lena dtarmligtear cumhachtaí cinnteoireachta chuig a comhlachtaí inmheánacha féin nó daoine, sa mhéid go bhfuil údar leis na bearta sin agus go n-urramaíonn siad prionsabal na comhréireachta. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart tarmligean na gcumhachtaí cinnteoireachta a bheith teoranta agus comhréireach araon, agus ba cheart raon feidhme an tarmligin a shainiú go soiléir agus faoi réir coinníollacha arna sonrú ag an institiúid.

(7) An 24 Meitheamh 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe dlúthchomhar a bhunú idir BCE agus Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) ([3]). Chun críocha an dlúthchomhair, glacfar an cinneadh gan agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe maidir le Poblacht na Bulgáire de bhun fhorálacha ábhartha an Chinnidh seo freisin.

(8) I gcás nach gcomhlíontar na critéir chun cinneadh tarmligthe a ghlacadh, ba cheart cinntí a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus in Airteagal 13h de Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach ([4]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'bearta macrastuamachta beartaithe' na bearta a bhfuil sé beartaithe ag údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) agus údaráis ainmnithe náisiúnta (ÚANanna) iad a chur i bhfeidhm chun ceangal a chur ar na bainc maoláin O-SII nó G-SII a choinneáil, i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), mar a tugadh fógra foirmiúil do BCE maidir le cinneadh an ndéanfaidh siad agóid nó gan agóid a dhéanamh;

(2) ciallaíonn 'maolán O-SII' na cistí dílse a cheanglaítear a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 131(5) de Threoir 2013/36/AE;

(3) ciallaíonn 'maolán O-SII' na cistí dílse a cheanglaítear a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 131(4) de Threoir 2013/36/AE;

(4) ciallaíonn 'measúnú teicniúil BCE' an measúnú teicniúil neamhspleách arna dhéanamh ag BCE agus breithiúnas á fheidhmiú aige maidir leis na rátaí maolánacha iomchuí;

([3]) Cinneadh (AE) 2020/1015 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Meitheamh 2020 maidir le dlúthchomhar a bhunú idir an Banc Ceannais Eorpach agus Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) (BCE/2020/30) (IO L 224 I, 13.7.2020, lch. 1).

([4]) Cinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33).

([5]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(5) ciallaíonn 'urlár BCE' an leagan is déanaí is infheidhme de mhodheolaíocht íosráta BCE chun measúnú a dhéanamh ar mhaoláin O-SII arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe agus bunaithe ar scór tábhachta sistéamaí na mbanc, lena leithdháiltear gach banc ar cheann amháin de roinnt catagóirí a bhfuil tábhacht shistéamach leo ('buicéad') trína bhfuil gach buicéad bainteach le maolán O-SII ar leith ar cheart iad a mheas mar íosráta;

(6) ciallaíonn 'íogaireacht' nó 'íogair' saintréith nó toisc a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chlú BCE agus/nó ar fheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an tSásra Maoirseachta Aonair, lena n-áirítear aon cheann díobh seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: (a) ábhair imní shuntasacha arna gcur in iúl sa choiste ábhartha agus sa struchtúr inmheánach ábhartha ina bpléití nach n-áirítear i measúnú teicniúil BCE; (b) bearta macrastuamachta atá beartaithe agus a d'fhéadfadh aird dhiúltach a tharraingt ar na meáin nó ar an bpobal.

Airteagal 2

Ábhar agus scóip

1. Sonraítear sa Chinneadh seo na critéir maidir le cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean chuig cinn aonaid oibre BCE maidir le glacadh cinntí nach gcuirfear i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe.

2. Tá tarmligean na gcumhachtaí cinnteoireachta gan dochar do mheasúnú teicniúil BCE a dhéantar chun cinntí a ghlacadh gan cur i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3

Tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh gan agóid a dhéanamh i gcoinne beart macrastuamachta beartaithe

1. Leis seo, déanann an Chomhairle Rialaithe an chumhacht chun cinntí a ghlacadh gan agóid a dhéanamh i gcoinne bearta macrastuamachta chun maoláin O-SII agus G-SII a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE a tharmligean chuig cinn na n-aonad oibre arna n-ainmniú ag an mBord Feidhmiúcháin.

2. Déanfar cinntí nach ndéanfar agóid i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh trí bhíthin cinneadh tarmligthe i gcás ina gcomhlíonfar na critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh a leagtar amach in Airteagal 4 agus in Airteagal 5, de réir mar is ábhartha.

3. An Cinneadh nach ndéanfar agóid i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1, ní ghlacfar iad trí bhíthin cinneadh tarmligthe i gcás inar gá, mar gheall ar chastacht mheasúnú teicniúil BCE nó íogaireacht na mbeart, an cinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus le hAirteagal 13h de Chinneadh BCE/2004/2.

4. I gcás ina gcuirfidh aon chomhalta den choiste ábhartha nó de struchtúr inmheánach an BCE imní in iúl maidir le substaint na mbeart macrastuamachta atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1 agus iad ag dul i gcomhairle le chéile maidir le dréachtchinneadh tarmligthe, measfar nár comhlíonadh critéir Airteagal 4 agus Airteagal 5, de réir mar is ábhartha, agus/nó measfar na bearta a bheith íogair de réir bhrí Airteagal 1, pointe 6, den Chinneadh seo.

Airteagal 4

Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh gan agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe do mhaolán O-SII a shocrú

Déanfar cinntí nach ndéanfar agóid i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe chun maolán O-SII a shocrú a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3, mír 1 agus mír 2, i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) cuireann na bearta macrastuamachta sin atá beartaithe an mhodheolaíocht is déanaí i bhfeidhm chun íosráta BCE a chinneadh;

(b) ní eascraíonn aon ábhar imní as measúnú teicniúil BCE ar na bearta sin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) an mhodheolaíocht a d'úsáid an ÚIN nó an ÚAN;

(ii) na cúinsí eacnamaíocha a spreagann socrú mhaolán O-SII;

(iii) O-SIIanna a shainaithint;

(c) ní bhaintear de thátal as measúnú teicniúil BCE gur cheart do BCE agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart macrastuamachta sin atá beartaithe.

Airteagal 5

Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh gan agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart macrastuamachta atá beartaithe do mhaolán O-SII

Déanfar cinntí gan agóid a dhéanamh i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe chun maolán G-SII a shocrú a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3, le mír 1 agus le mír 2, i gcás ina mbeidh na bearta macrastuamachta sin atá beartaithe ag ÚINanna nó ag ÚANanna maidir le rátaí maolánacha G-SIIanna i gcomhréir le Measúnú bliantúil BCE ar G-SIBanna-G-SIIanna Limistéar SAM agus leis an gcomhaontú domhanda arna thabhairt i gcrích ag comhaltaí Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais.

Airteagal 6

Cinntí tarmligthe gan cur i gcoinne bearta macrastuamachta atá beartaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

1. Coimeádfaidh Rúnaíocht an Bhoird Maoirseachta taifead ar aon chinntí tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir leis an gCinneadh seo agus cuirfidh sí Rúnaíocht na Comhairle Rialaithe ar an eolas faoi chinntí den sórt sin ar bhonn míosúil.

2. Cuirfidh Rúnaíocht na Comhairle Rialaithe tuarascáil ráithiúil faoi bhráid na Comhairle Rialaithe agus an Bhoird Maoirseachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cinnteoireachta tarmligthe i ndáil leis na bearta macrastuamachta atá beartaithe.

Airteagal 7

Foráil idirthréimhseach

Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcásanna nár cuireadh an t-iarratas faoi bhráid BCE roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 28 Meán Fómhair 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE